Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5227/22**

**ECOFIN 30**
**FIN 12**
**UEM 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ungáir chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19<br>– Glacadh |

1. Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1] (dá ngairtear 'Rialachán SURE' anseo feasta), leagtar síos an creat lena gcuirtear ar chumas an Aontais cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Bhallstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach nó a bhfuil dianbhagairt orthu de bharr ráig COVID-19, go príomha maidir le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint, chomh maith le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte.

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán SURE, táthar le cúnamh airgeadais a chur ar fáil trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún.

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

3. Deonaíodh tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE don Ungáir le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020[2]. Tar éis don Ungáir iarraidh ar thacaíocht shealadach bhreise a dhéanamh faoi Ionstraim SURE, thíolaic an Coimisiún, an 21 Nollaig 2021, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme AE 2020/1561 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán SURE don Ungáir (15244/21).

4. Rinneadh an togra thuasluaite a scrúdú ag Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an 11 Eanáir 2022 agus rinne na saineolaithe dlí agus teanga athbhreithniú air ina dhiaidh sin.

5. Meastar go bhfuil an obair ullmhúcháin theicniúil curtha i gcrích anois, agus féadfar dréacht-téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chur faoi bhráid na Comhairle chun go nglacfar go foirmiúil é.

6. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 297(2) CFAE agus le hAirteagal 18(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go dtabharfaidh Ardrúnaí na Comhairle nó Ard-Stiúrthóir atá ag gníomhú thar a cheann, fógra don Bhallstát chuig a ndíreofar é maidir leis an gcinneadh seo ón gComhairle, a luaithe a ghlacfar é..

7. De bhun Airteagal 122(2) CFAE, ba cheart d'Uachtarán na Comhairle Parlaimint na hEorpa a chur an eolas faoin gCinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ungáir chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, mar a leagtar amach in 15256/21, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga.

---

[2] IO L 357, 27.10.2020, lch. 24.